



An Bhruiséil, 12 Nollaig 2025
(OR. en)

16463/25

EF 409
ECOFIN 1698
FSC 22
EIOPA
ESMA
EIB
EBA
ESRB
ECB
SRB

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: na toscaireachtaí

Ábhar: Conclúidí ón gComhairle i ndáil le rialachán an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais a shimpliú
- Conclúidí ón gComhairle (an 12 Nollaig 2025)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, conclúidí ón gComhairle i ndáil le rialachán an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais a shimpliú, mar a d'fhormheas an Chomhairle (ECOFIN) iad ag an gcruinniú a bhí aici an 12 Nollaig 2025.

Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle i ndáil le rialachán an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais a shimpliú

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:

1. MEABHRAÍONN SÍ go bhfuil sé ríthábhachtach rialachán an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais a shimpliú chun iomaíochas, feidhmíocht eacnamaíoch agus slándáil na hEorpa a neartú, mar a tugadh le fios go neamhbhalbh i nDearbhú Bhúdaipeist i ndáil leis an gComhaontú Nua maidir le hIomaíochas na hEorpa ó Chinn Stáit nó Rialtais an Aontais¹, inar iarradh go gcuirfí tús le ‘réabhlóid simpliúcháin, lena n-áiríteofar creat rialála soiléir, simplí agus cliste do ghnólachtaí agus lena ndéanfar laghdú suntasach ar ualaí riaracháin, rialála agus tuairiscithe, go háirithe do FBManna’, agus MEABHRAÍTEAR DI thairis sin na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 20 Márta 2025² agus an 23 Deireadh Fómhair 2025³, tosaíochtaí an Choimisiúin Eorpaigh, agus an tuarascáil maidir le ‘Todhchaí iomaíochas na hEorpa’ a thíolaic Mario Draghi,
2. LEAGANN SÍ BÉIM AR a riachtanaí atá sé go mbeadh ról tábhachtach ag simpliú rialachán an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais i gcomhthéacs chlár oibre níos leithne an Aontais toisc gur féidir leis an t-iomaíochas a neartú in earnáil airgeadais na hEorpa agus, dá réir sin, i ngeilleagar na hEorpa i gcoitinne, agus an cothroime iomaíochta á choinneáil ar bun ar fud an domhain ag an am céanna,
3. MEABHRAÍONN SÍ nár cheart go ndéanfaí dírialáil de thoradh an tsimplithe, rud a d’fhéadfadh an chobhsaíocht airgeadais a chur i mbaol,
4. MEASANN SÍ gur freagracht chomhroinnte idir institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus idir Ballstáit agus na húdaráis náisiúnta é an simpliú, agus gurb é a bheidh i gceist leis an simpliú amach anseo roghanna agus iarrachtaí soiléire a dhéanamh ar gach leibhéal chun reachtaíocht shimplí éifeachtúil a bhaint amach,
5. AITHNÍONN SÍ go bhféadfadh roinnt castachta sa rialáil seirbhísí airgeadais a bheith mar gheall ar ilchineálacht, méid, cineál agus ról na hearnála airgeadais i ngeilleagar na hEorpa, agus mar gheall ar an ngá le hailíniú leis na caighdeáin idirnáisiúnta,
6. AITHNÍONN SÍ go bhfuil rialachán an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais éirithe níos casta le himeacht aimsire agus gur fairsinge é ná mar is gá, rud a chuireann ualach ar ghnólachtaí, lena n-áirítear FBManna, agus ar chórais riaracháin phoiblí agus ar údaráis phoiblí.
7. Chun castacht nach bhfuil gá léi a bhaint agus a sheachaint, LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar na rialacháin atá ann cheana agus ar shreabhadh na rialachán nua gan an bonn a bhaint de na príomhcholuín agus de na croíchaighdeáin do sheirbhísí airgeadais,

¹ <https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2024/11/08/the-budapest-declaration/>

² Conclúidí ón gComhairle Eorpach maidir leis an iomaíochas, cosaint agus slándáil na hEorpa agus an imirce, an 20 Márta 2025, EUCO 1/25

³ Conclúidí ón gComhairle Eorpach maidir leis an Úcráin, an Meánoirthear, cosaint agus slándáil na hEorpa, iomaíochas agus an dá aistriú, tithíocht, imirce agus Poblacht na Moldóive, an 23 Deireadh Fómhair 2025, EUCO 18/25

8. LEAGANN SÉ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go bhféachfaí le ról na bhforbairtí teicneolaíochta nua a neartú a thuilleadh, cuir i gcás, an intleacht shaorga, ó thaobh na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus stoc na mbeart rialála atá ann cheana á shimpliú, mar shampla chun cuidiú leis an dúbláil nó na neamhréireachtaí gan ghá a aimsiú agus chun tuairisciú sonraí a chuíchóiriú,
9. TÁ SÍ SUITE DE gur cheart simpliú rialachán an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais a bheith faoi threoir na bprionsabal seo a leanas, agus solúbthacht a cheadú ag an am céanna le gur féidir leis an Aontas gníomhú go tapa chun aghaidh a thabhairt ar ábhair phráinneacha eile sa chóras airgeadais atá ag teacht chun cinn:
- a) Ní mór príomhcholuín an chreata rialála a chaomhnú, ós rud é go bhfuil siad bunriachtanach don chobhsaíocht airgeadais, don athléimneacht agus don rathúnas eacnamaíoch fadtéarmach agus ní mór na caighdeáin idirnáisiúnta a chur san áireamh chomh maith le sainiúlachtaí chóras airgeadais an Aontais freisin. Áirítear ar na príomhcholuín, go háirithe, ceanglais láidre chaipitil agus leachtachta, creataí láidre réitigh, ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí agus infheisteoirí, maoirseacht éifeachtach, agus creat láidir i gcoinne sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta.
 - b) Agus simpliú á dhéanamh ar an stoc rialála atá ann cheana, ba cheart cobhsaíocht rialála a áirithiú agus ba cheart díriú go príomha ar dheireadh a chur le ceanglais neamhriachtanacha agus díriú freisin ar bhearta a bhféadfadh tionchar mór a bheith acu, rud a d'fhéadfaí a dhéanamh trí chomhleanúnachas feabhsaithe a bhaint amach idir píosáí éagsúla agus réimsí éagsúla reachtaíochta agus a gcur chun feidhme a áirithiú agus a sainmhíniú a ailíniú, agus trí dhúblálacha, forálacha atá as dáta agus ceanglais tuairiscithe nach bhfuil gá leo nó atá forluiteach a bhaint.
 - c) Tá comhairliúchán leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara ina chuid lárnach den chinnteoireacht íogair agus d'fheabhsú cháilíocht na reachtóireachta. Mar chuid de sin, ba cheart plé struchtúrtha, arna eagrú ar bhealach córasach, a dhéanamh ag céimeanna ullmhúcháin an phróisis reachtaigh, sula gcinnfidh an Coimisiún an ndéanfaidh sé togra a thíolacadh. Ba cheart é a bheith mar chuspóir leis an bplé sin a chinneadh cé acu is gá nó nach gá rialacha nua a thabhairt isteach. Ba cheart a áirithiú go ndéanfar rialacha nua a cheapadh, a fhorbairt agus a chur chun feidhme a bheidh chomh simplí agus is féidir.
 - d) Tá gá le measúnuithe tionchair comhsheasmhacha, críochnúla agus réalaíocha lena n-áirítear anailísí costais is tairbhe agus tá siad tábhachtach don phróiseas reachtach. Mar a fhoráiltear i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, déanfaidh an Coimisiún measúnuithe tionchair ar a chuid tionscnamh reachtach agus neamhreachtach, gníomhartha tarmligthe agus bearta cur chun feidhme a mheastar a mbeidh tionchar nach beag acu ar chúinsí geilleagracha, comhshaoil nó sóisialta; nuair a mheasfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle gurb íomchuí agus gur gá é sin le haghaidh an phróisis reachtaigh, déanfaidh siad measúnuithe tionchair i ndáil lena leasuithe substaintiúla ar an togra ón gCoimisiún freisin. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, mar riail ghinearálta, measúnú tionchair an Choimisiúin a ghlacadh mar thúsphointe don obair bhreise a dhéanfaidh siad féin. Ba cheart gur faoin Institiúid lena mbaineann é an sainmhíniú ar leasú 'substainteach' a chinneadh.
 - e) Ba cheart feabhas a chur ar an gcomhordú, an t-uainiú agus an seicheamhú i gcur chun feidhme na ngníomhartha reachtacha chun na hualaí cur chun feidhme a laghdú. Go nithiúil, níor cheart, de ghnáth, ceanglais nua ná athbhreithnithe a leagtar síos i ngníomhartha reachtacha, tarmligthe nó cur chun feidhme a thabhairt isteach ná a chur chun feidhme ach faoi dhó sa bhliain. Ina theannta sin, ba cheart a áirithiú, leis na hamlínte cur chun feidhme, go gcuirfead na ngníomhartha reachtacha agus na ngníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh de bhun na ngníomhartha reachtacha sin a chur i bhfeidhm go comhuaineach, agus am leordhóthanach a cheadú do na Ballstáit dá gcur chun feidhme agus do ghnólachtaí lena n-aistriú a dhéanamh ag an am céanna.

- f) Chun moilliú rialála a bhaint amach, a mbeadh sé mar chuspóir foriomlán aige deimhneacht agus cobhsaíocht rialála a sholáthar mar bhonn don iomaíocht agus don fhás eacnamaíoch, ba cheart é a bhaint amach trí líon níos lú clásail athbhreithnithe agus iad níos spriocdhírithé a bheith sa reachtaíocht, mar shampla clásail atá dírithe ar athbhreithniú a dhéanamh ar chodanna sonracha den rialachán nó chun aisghairm forálacha áirithe a mheas má tá siad as dáta, nó murab iomchuí a thuilleadh iad. Leis na tréimhsí ar ina ndiaidh a ndéanfar athbhreithniú ar na forálacha mar gheall ar chlásail athbhreithnithe, ba cheart go n-áiritheofaí go rabhthas in ann go leor taithí a fháil chomh maith le fianaise i ndáil le tréimhse, mar shampla, 5 bliana ar a laghad, tar éis dháta chur i bhfeidhm forála ar leith.
- g) Is éard ba cheart a bheith sna gníomhartha reachtacha na roghanna riachtanacha polaitiúla ar fad, ba cheart dóibh a bheith soiléir maidir le cuspóirí agus ba cheart níos lú cumhachtú a dhéanamh iontu chun gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh agus an cumhachtú a dhéantar iontu ba cheart dó a bheith níos soiléire, agus ba cheart gur lú na sainorduithe a thugtar iontu do ÚMEnna chun treoirínite a eisiúint agus na sainorduithe a thugtar ba cheart gur shoiléire iad.
- h) Ba cheart gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme a úsáid ar bhealach níos tíosaí, ba cheart údar níos fearr a bheith lena roghnú sna gníomhartha reachtacha ar ar bunaíodh iad, ba cheart iad a bheith dírithe, comhréireach agus teicniúil i gcónaí, laistigh de pharaiméadair na gcumhachtaithe. Déanfar na gnéithe sár-riachtanacha d'aon réimse a fhorchoimeád don ghníomh reachtach, agus ní bheidh na gnéithe sin ina n-ábhar do tharmligean cumhachta dá réir sin. Fós féin, le hiarrachtaí simpliúcháin maidir le gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme atá ann cheana, ba cheart an deimhneacht dhlíthiúil is gá a áiritiú i gcásanna nach féidir í sin a áiritiú leis na gníomhartha reachtacha atá ann cheana ar a bhfuil siad bunaithe agus leis na gníomhartha sin amháin.

10. I gcomhréir leis na prionsabail sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a) Pacáistí uaillmhianacha simpliúcháin a chur chun cinn go pras le haghaidh rialachán an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais, mar chuid de phlean cuimsitheach uaillmhianach chun na gníomhartha reachtacha maidir le seirbhísí airgeadais atá ann cheana a athbhreithniú, a shimpliú agus, i gcás inarb ábhartha, a aisghairm. Ba cheart go n-áireofaí sa phlean tosaíochtaí agus amlínite soiléire, chomh maith le tionscnaimh atá beartaithe, ar cheart iad a dhíriú ar phríomhréimsí ina mbeadh an tionchar is mó ag an simpliú, agus éifeacht síolaithe an rialacháin um sheirbhísí airgeadais agus an t-idirghníomhú le réimsí eile rialála a mbeadh tionchar acu ar earnáil na seirbhísí airgeadais á gcur san áireamh ag an am céanna.
- b) Féachaint an bhféadfaí tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh ar an modh measúnaithe tionchair, mar shampla, maidir le tionchair trasteorann agus tionchair ar leibhéal na mBallstát, agus trí mheastóireacht a dhéanamh, a luaithe a chuirfear tús le cur i bhfeidhm na reachtaíochta, ar na costais iarbhir cur chun feidhme agus ar thionchair eile ar na measúnuithe tosaigh i gcomhréir lena rialacha maidir le Rialáil Níos Fearr dá dtagraítear i Modhanna Oibre an Choimisiúin Eorpaigh⁴.
- c) Féachaint an bhféadfaí sainorduithe na nÚdarás Maoirseachta Eorpach (ÚMEnna) a fheabhsú, lena n-áirítear d'fhonn tuairisciú níos fearr agus cuntasacht níos fearr a áiritiú i leith na gcomhreachtóirí agus chun ÚMEnna a éascú chun cloí leis na prionsabail thuas a dheimhniú ar bhealach níos fearr.
- d) Anailís a chur i láthair ar conas a áiritiú nach rachaidh rialachán an Aontais a bheidh ann amach anseo maidir le seirbhísí airgeadais, lena gcumhdaítear gach cineál beart rialála, i gcásacht agus go laghdófar an t-ualach a bhaineann leis, agus go gcuirtear na prionsabail thuas san áireamh, lena n-áirítear trí fhéachaint an bhféadfaí feabhas

⁴ TEACHTAIREACHT ÓN UACHTARÁN CHUIG AN gCOIMISIÚN, *The Working Methods of the European Commission* [Modhanna Oibre an Choimisiúin Eorpaigh], 1.12.2024, P(2024) 5 – is féidir rochtain a fháil uirthi ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin [anseo](#) (níl leagan Gaeilge ar fáil).

a chur ar an bpróiseas reachtach agus nach ndéanfaí agus nach mbeadh éifeacht ag na ceanglais tuairiscithe sa rialachán maidir le seirbhísí airgeadais, mar shampla, ach faoi dhó sa bhliain.

- e) Agus aird á tabhairt ar na prionsabail thuas, measúnú a dhéanamh, ar bhealach uailmhianach, ar an raon feidhme maidir le simpliú a dhéanamh tráth a dhéantar anailís ar aon phíosa reachtaíochta atá ann cheana, agus tráth a dhéantar gach reachtaíocht nua a ullmhú, ionas go mbeidh an reachtaíocht chomh simplí agus chomh héifeachtúil agus is féidir, go háirithe trí fhéachaint an bhféadfaí na ceanglais tuairiscithe agus nochta a chuíchóiriú chun iomarcaíochtaí a bhaint agus príomhghnéithe na gceanglas sa rialachán maidir le seirbhísí airgeadais a ailíniú.
11. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé plé struchtúrtha a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile ar an leibhéal iomchuí le linn chéimeanna ullmhúcháin an phróisis reachtaigh. Ba cheart é a bheith mar chuspóir leis an bplé sin tuiscint chomhroinnt a bhaint amach ar an treo beartais, agus, dá bhrí sin, ba cheart ráiteas ina ndéantar cur síos soiléir ar na fadhbanna a sholáthar mar bhonn don idirphlé sin, lena n-áirítear an fáth ar gá réimse áirithe a rialáil, nó an fáth nach leor na rialacha atá ann cheana nó gur gá iad a leasú.
12. D'fhonn an Margadh Aonair le haghaidh seirbhísí airgeadais a chothú, LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé go ndéanfaidh na Ballstáit rialacha an Aontais a thrasú go héifeachtúil, go tráthúil agus i gceart, go mbeidh dóthain ama ag na Ballstáit lena dtrasaí, agus go ndéanfar ceanglais bhreise náisiúnta nach bhfuil gá leo atá ann sa bhreis ar rialacha an Aontais a sheachaint, agus MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá sé rialacha an Aontais a fhorfheidhmiú go cuí,
13. D'fhonn leanúint den chomhar maidir leis an simpliú idir institiúidí an Aontais, ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá an Comhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr agus IARRANN SÍ ar institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais dlús a chur lena n-iarrachtaí cur chun feidhme a phrionsabal a áirithiú, agus béim ar leith á leagan ar an trédhearcacht, ar an gcomhréireacht agus ar rannchuidiú dearfach na measúnuithe tionchair maidir le bonn taca a chur faoi cheapadh beartais fianaisebhunaithe i bhforbairt agus i gcur chun feidhme an rialacháin maidir le seirbhísí airgeadais,
14. IARRANN SÍ ar ÚMEnna agus ar an Údarás um Fhrithsciúradh Airgid agus um Chomhrac Mhaoiniú na Sceimhlitheoireachta (ÚCSA) cur chuige níos simplí agus níos spriocdhírthe a ghlacadh maidir le Caighdeáin Theicniúla Rialála (CTR), na Caighdeáin Theicniúla Cur Chun Feidhme (CTCCF), agus treoirlínte etc. a fhorbairt, lena laghdófaí castacht gan ghá agus lena n-áiritheofaí go mbeadh na bearta rialála sin soiléir, dírithe, agus comhréireach. IARRANN SÍ an athuair ar ÚMEnna agus ÚCSA athbhreithniú a dhéanamh ar stoc na mbeart rialála atá ann cheana d'fhonn na forálacha atá as dáta nó dúblacha a shimpliú agus a shainaithint, agus IARRANN SÍ ar ÚMEnna agus ÚCSA tuairisc a thabhairt don Choimisiún agus do na comhrechtóirí maidir leis na féidearthachtaí atá ann simpliú a dhéanamh faoi chuimsiú na rialacha atá ann cheana,
15. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an obair a rinne an Coimisiún le déanaí maidir le simpliú, lena n-áirítear Tuarascáil 2025 ón gCoimisiún ar Dhul Chun Cinn maidir le Simpliú, Cur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú mar aon leis an obair atá á déanamh ag an gCoimisiún, ag ÚMEnna, agus ag BCE, faoi seach, maidir le creat rialála agus maoirseachta an Aontais a shimpliú, agus IARRANN SÍ ag an am céanna ar ÚCSA tús láithreach a chur le próiseas comhchosúil,
16. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé úsáid éifeachtach a bhaint as na struchtúir atá ann cheana (na Comhchoistí GSE, mar shampla) chun an obair sin a chomhordú d'fhonn a áirithiú go n-ailíneofar na hiarrachtaí a chun an rialachán maidir le seirbhísí airgeadais a shimpliú,

17. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na tuairimí a chuir an Chomhairle in iúl sna conclúidí seo a chur san áireamh agus acmhainneacht bhreise a shainathint chun an simpliú agus an t-iomaíochas san earnáil airgeadais a neartú, lena n-áirítear i gcomhthéacs tuarascála ina ndéantar measúnú ar staid fhoriomlán an chórais baincéireachta sa Mhargadh Aonair, lena n-áirítear an measúnú ar a iomaíochas atá beartaithe a dhéanamh in 2026, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuarascáil a thabhairt don Chomhairle faoin dul chun cinn a rinneadh maidir le tionscnaimh um simpliú, lena n-áirítear na cinn maidir leis na bearta thuasluaite.
